

Cruinniú 10: 15^ú Iúil 2022 in Óstán D, Droichead Átha

Bhuail Leas-Choimisinéir Paula Hillman ón nGarda Síochána, a bhfuil freagracht uirthi as Póilíneacht Bóithre agus Rannpháirtíocht Pobail, leis an mBord. Mhaígh LC Hillman go bhfuil suim ar leith aici in obair Bhord Feidhmiúcháin Dhroichead Átha agus dhírigh sí aird ar na réimsí atá faoina cúram atá i bpáirt le Plean Feidhmiúcháin Thuairisc Dhroichead Átha. Thug sí tuilleadh suntais don deis a bhí aici am a chaitheamh le baill den aonad Póilíneacht Pobail i nDroichead Átha agus mhol sí an fhoireann as a gcuid oibre. Bhí an Cigire Tim O’Keeffe as Rannóg Chiarraí den Gharda Síochána in éineacht le LC Hillman agus thug sé cur i láthair do na baill ar thionscnamh *See Something Say Something* atá sainaitheanta i ngníomh 2.12 de Phlean Feidhmiúcháin Thuairisc Dhroichead Átha. D’aontaigh an Bord tacú le feidhmiú céimneach *See Something Say Something* i nDroichead Átha agus shonraigh go raibh an feidhmiú céimneach ag brath ar fhorbairt córas nua seachadta ríomhchuidithe ag an nGarda Síochána.

Tugadh suntas do dháileadh acmhainní breise teagaisc thar thréimhse sheasta 5 bliana do Scoileanna Náisiúnta Bríde agus Pádraig, Toirbhirte agus Naomh Iósaef ón Roinn Oideachais agus aithníodh é seo mar ionchur tábhachtach i ngníomh 6.1 den Phlean.

D’fháiltigh an Bord roimh leithdháileadh €75k p.a. ón Roinn Dlí agus Cirt ar Thionscadal Atreoraithe Óige na Bóinne le haghaidh tacaí teaghlaigh agus luath-idirghabhála.

Tá tuilleadh rannpháirtíochta ar siúl ag BOOLM leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir lena n-aighneacht i gcomhair post Oifigeach Óige le tús áite a thabhairt do cheantar Dhroichead Átha a faomhadh ar chruinniú mhí Feabhra de Bhord Feidhmiúcháin Dhroichead Átha.

Tosóidh an Clár Neartaithe Teaghlach arís, faoi stiúir *Boomerang Youth Café* i nDroichead Átha, i Meán Fómhair agus tá rannpháirtithe á n-earcú faoi láthair.

Pléadh fosta obair Chomhairle Contae Lú, Chumann Lucht Trádála Dhroichead Átha, BIDanna Dhroichead Átha agus Bhailte Slachtmhara Dhroichead Átha mar fhreagairt ar an suirbhé bruscair IBAL a rinneadh le déanaí. Tarraingíodh aird ar leith ar fheachtas #LookingGoodDrogheda, agus deiseanna ag daoine aonair agus ag grúpaí sráid a uchtú agus cairt ghnó #LookingGoodDrogheda á forbairt.

Sonraítear go léireofar sa chéad tuairisc ráithiúil eile de Phlean Feidhmiúcháin Thuairisc Dhroichead Átha dul chun cinn go dtí deireadh Mheithimh seachas deireadh Aibreáin agus go bhfoilseofar í ar an mbonn sin.